Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 8 Meitheamh 2020**
**(OR. en)**

**8635/20**

**STAT 11**
**FIN 344**
**INST 104**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 8102/20 |
| Ábhar: | Tuarascáil Speisialta Uimh. 15/2019 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal Implementation of the 2014 staff reform package at the Commission - Big savings but not without consequences for staff [Cur i bhfeidhm an phacáiste um athchóiriú foirne ag an gCoimisiún - coigilteas mór ach ní gan iarmhairtí don fhoireann]<br>–Conclúidí ón gComhairle (4 Meitheamh 2020) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo na Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 15/2019 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, dar teideal Implementation of the 2014 staff reform package at the Commission - Big savings but not without consequences for staff [Cur i bhfeidhm an phacáiste um athchóiriú foirne ag an gCoimisiún - coigilteas mór ach ní gan iarmhairtí don fhoireann], mar a glacadh de réir an nós imeachta i scríbhinn an 4 Meitheamh 2020.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle**
**maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 15/2019 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal**
***Implementation of the 2014 staff reform package at the Commission - Big savings but not without consequences for staff***
**[Cur i bhfeidhm an phacáiste um athchóiriú foirne ag an gCoimisiún - coigilteas mór ach ní gan iarmhairtí don fhoireann]**

FÓGRAÍONN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID A LEANAS

1. IS DÍOL SÁSAIMH DI Tuarascáil Speisialta Uimh. 15/2019 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa ("an Chúirt"anseo feasta) dar teideal *Implementation of the 2014 staff reform package at the Commission - Big savings but not without consequences for staff* [Cur i bhfeidhm an phacáiste um athchóiriú foirne ag an gCoimisiún - coigilteas mór ach ní gan iarmhairtí don fhoireann] ("an tuarascáil" anseo feasta);

2. ADMHAÍONN SÍ gur bonn úsáideach í an tuarascáil chun tuilleadh machnaimh agus anailíse a dhéanamh; TUGANN SÍ DÁ hAIRE tuairimí grúpa Ballstát nach n-aontaíonn lena conclúidí, go háirithe maidir leis an measúnú ar mhéid foriomlán an choigiltis agus na hiarmhairtí diúltacha d'fhoireann an Choimisiúin;

3. ADMHAÍONN SÍ go bhfuil feabhas ag teacht ar chothromaíocht inscne de réir a chéile i ngach grád sa Choimisiún agus IARRANN SÍ go leanfar de ghníomhaíocht i ndáil leis sin in institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí uile an Aontais; TUGANN SÍ DÁ hAIRE measúnú na Cúirte maidir le lucht saothair atá ag dul in aois agus AITHNÍONN SÍ an gá atá le beartais acmhainní daonna éifeachtacha cuimsitheacha a fhorbairt agus faireachán a dhéanamh ar éifeachtaí an athraithe sin;

4. MEABHRAÍTEAR DI go gcaithfidh earcaíocht a bheith dírithe ar sheirbhísí oifigeach a fháil do na hinstitiúidí a bheidh ar an gcaighdeán is airde cumais, éifeachtúlachta agus ionracais, a earcófar ar an mbonn geografach is leithne is féidir as measc náisiúnaigh Bhallstáit an Aontais, agus go gcaithfidh an earcaíocht a bheith bunaithe ar fhiúntas; CUIREANN SÍ I dTREIS, go háirithe, gur gá ionadaíocht chothrom gheografach laistigh de sheirbhís phoiblí an Aontais chun go mbainfidh an tAontas amach an sprioc atá aige a bheith gar do shaoránaigh uile an Aontais, chomh maith le héagsúlacht na mBallstát a léiriú; TUGANN SÍ DÁ hAIRE, le modh na comhréireachta céimlaghdaithí ón gCoimisiún chun míchothromaíochtaí geografacha ('rátaí treoracha')[1] a mheas, gur tugadh bonn iomchuí chun tuilleadh staidéir a dhéanamh ach ADMHAÍONN SÍ go raibh raon feidhme níos leithne ag an gCúirt ó thaobh grúpaí feidhme agus raon na ngrád de;

5. MEABHRAÍTEAR DI gur ceanglaíodh ar an gCoimisiún leis na Rialacháin Foirne tuarascálacha a sholáthar don Chomhairle agus do Pharlaimint na hEorpa, lena n-áirítear:
   (a) tuarascáil ina ndéantar measúnú ar fheidhmiú na Rialachán Foirne, a thíolacfar faoin 31 Nollaig 2020, mar a cheanglaítear le hAirteagal 113 de na Rialacháin Foirne agus Airteagal 142a de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh;
   (b) tuarascáil ina ndéantar measúnú an bhfuil éabhlóid chumhacht ceannaigh luach saothair agus phinsin oifigigh an Aontais, go háirithe, i gcomhréir leis na hathruithe i gcumhacht ceannaigh tuarastal i státseirbhísí náisiúnta i rialtais lárnacha, a thíolacfar faoin 31 Márta 2022, mar a cheanglaítear le hAirteagal 15 d'Iarscríbhinn XI a ghabhann leis na Rialacháin Foirne;
   (c) tuarascáil maidir le comhardú achtúireach na Scéime Pinsean d'Oifigigh an Aontais agus impleachtaí buiséadacha na rialacha achtúireacha sin, a thíolacfar in 2022, mar a cheanglaítear le hAirteagal 14 d'Iarscríbhinn XII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne;

[1] Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle de bhun Airteagal 27 de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus de bhun Airteagal 12 de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh (Cothromaíocht gheografach), COM (2018) 377 final.

(d) tuarascáil ar an aois inphinsin, ina ndéanfar scrúdú, go háirithe, ar an athrú a thagann ar an aois inphinsin maidir leis an bhfoireann i státseirbhísí na mBallstát agus ar an athrú a thagann ar ionchas saoil maidir le hoifigigh na n-institiúidí, a eiseofar gach cúig bliana, mar a cheanglaítear le hAirteagal 77(6) de na Rialacháin Foirne;

(e) tuarascáil tar éis tréimhse trí bliana dar tús an 1 Eanáir 2014 maidir le bearta iomchuí arna ndéanamh ag na hinstitiúidí chun aghaidh a thabhairt ar mhíchothromaíochtaí suntasacha idir náisiúntachtaí i measc oifigeach nach bhfuil údar leo de réir critéir oibiachtúla, mar a cheanglaítear le hAirteagal 27 de na Rialacháin Foirne;

(f) tuarascáil bhliantúil maidir le húsáid foirne ar chonradh, mar a cheanglaítear le hAirteagal 79 de na Rialacháin Foirne;

6. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, agus na hoibleagáidí tuairiscithe comhaontaithe sin á gcomhlíonadh aige go tráthúil, na staidéir riachtanacha agus an anailís chomhlántach a dhéanamh inar cheart an méid a leanas a dhéanamh, *inter alia*:

(i) raon feidhme an mheasúnaithe ar fheidhmiú na Rialachán Foirne a leathnú amach ón gCoimisiún chuig institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí uile an Aontais;

(ii) aghaidh a thabhairt ar chomhlíonadh an chuspóra maidir le laghdú 5% ar líon na bpost a bhaint amach i gcairteacha foirne le linn na tréimhse 2013-2017 sna hinstitiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí uile[2], rud ar chuir an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé sna conclúidí uaithi maidir leis na treoirlínte buiséid do 2020[3];

(iii) anailís a dhéanamh ar mhéid agus ar impleachtaí buiséadacha an mhéadaithe ar úsáid foirne ar chonradh;

(iv) anailís a dhéanamh ar mhéid agus ar impleachtaí buiséadacha an mhéadaithe ar úsáid seachfhoinsiú seachtrach go ginearálta;

(v) anailís a dhéanamh ar an gcoigilteas pinsin a bhaintear amach i ndáil le costais phinsin atá ag athrú, faireachán a dhéanamh ar fhorbairt na haoise scoir iarbhír agus sonraí comparáideacha atá cothrom le dáta a úsáid maidir le córais phinsin na mBallstát[4];

---

2 Athbhreithniú pras cáis ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa an 21 Nollaig 2017, ar chur chun feidhme an laghdaithe 5% ar líon na bpost foirne,https://www.eca.europa.eu/en/Pages/DocItem.aspx?did=44567

3 Conclúidí ón gComhairle maidir leis na treoirlínte buiséid do 2020, mír 32.

4 Mar shampla, sonraí a fuair Meitheal an Choimisiúin Eorpaigh maidir le hAirteagal 83, *OECD Pensions Outlook 2018* [A bhfuil i ndán do Phinsin 2018 ó ECFE] agus *Pensions at a Glance 2019: OECD and G20 Indicators* [Sracfhéachaint ar Phinsin 2019: Táscairí ECFE agus G20].

(vi) measúnú a dhéanamh ar tharraingteacht fhoriomlán na seirbhíse sibhialta Eorpaí ó thaobh na foirne reatha de (ráta athraithe foirne, sásamh as post) agus ó thaobh na gcuardaitheoirí poist de;

(vii) faireachán a dhéanamh ar chothromaíocht na dtionscnamh geografach ("cothromaíocht gheografach") sa tseirbhís shibhialta Eorpach agus eilimintí breise a léirítear sa tuarascáil ón gCúirt a chur san áireamh, amhail raon feidhme níos leithne na ngrúpaí feidhme agus na ngrád;

(viii) figiúirí a thabhairt don ghlanchoigilteas a baineadh amach ó 2014 ar aghaidh, agus na fachtóirí thuasluaite á gcur san áireamh.

7. MEASANN SÍ gur den tábhacht é, i bhfianaise mheasúnú na Cúirte ar thionchar an athchóirithe ar fhoireann an Choimisiúin, measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí agus ar thionchar phacáiste 2014 um athchóiriú foirne agus a iarmhairtí ar an bhfoireann sula dtabharfar isteach aon athrú nua, agus aon riachtanais éifeachtúlachta á gcur san áireamh ag an am céanna.